

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do Helsingin kaupunki a chostais féin agus costais an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear costais an nós imeachta eatramhaigh, agus costais Nobina Oy agus Nobina AB a íoc.
3. Ordaítear do Phoblacht na Fionlainne a costais féin a íoc.

(<sup>1</sup>) IO C 363, 28.10.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 — Helsingin Bussiliikenne v an Coimisiún**  
(Cás T-603/19) (<sup>1</sup>)

*(Státchabhair – Iompar de bhus – Iasacht trealamh agus iasachtaí oibriúcháin arna ndeonú ag Cathair Heilsincí – Cinneadh lena ndearbhaítear nach bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus lena téarnamh a ordú – Leanúnachas eacnamaíoch – Cearta nós imeachta na bpáirtithe leasmhara – Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2015/1589 – Oibleagáid cúiseanna a lua)*

(2022/C 432/19)

Teanga an cháis: an Fhionlainnis

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Helsingin Bussiliikenne Oy (Heilsincí, an Fhionlainn) (ionadaithe: O. Hyvönen agus N. Rosenlund, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Huttunen agus F. Tomat, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragairt, mar thaca leis an Iarratasóir:* Poblacht na Fionlainne (ionadaithe: J. Heliskoski agus H. Leppo, Walicka i gcáil Gníomhairí)

*Idiragrath, mar thaca leis an gcosantóir:* Nobina Oy (Espoo, an Fhionlainn), Nobina AB (Solna, an tSualainn) (ionadaithe: J. Åkermarck agus T. Kalliokoski, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Cinneadh (AE) 2020/1814 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 maidir le Státchabhair SA.33846 — (2015/C) (ex 2014/NN) (ex 2011/CP) arna chur chun feidhme ag an bhFionlainn le haghaidh Helsingin Bussiliikenne Oy (IO 2020 L 404, lch. 10) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Helsingin Bussiliikenne Oy a chostais féin a íoc agus na costais sin arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha, agus na costais sin arna dtabhú ag Nobina Oy agus Nobina AB;
- 3) Ordaítear do Phoblacht na Fionlainne a costais féin a íoc.

(<sup>1</sup>) IO C 383, 11.11.2019.